Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 12 Nollaig 2018**
**(OR. en)**

**15187/18**

**COVEME 5**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 14676/18 COVEME 4 + COR 1 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir leis an Sásra Comhair agus Fíorúcháin |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo na conclúidí ón gComhairle maidir leis an Sásra Comhair agus Fíorúcháin mar a ghlac an Chomhairle (Gnóthaí Ginearálta) iad ar an 11 Nollaig 2018.

**Conclúidí ón gComhairle maidir leis an Sásra Comhair agus Fíorúcháin**

1. Agus a conclúidí roimhe seo á n-athdhearbhú aici, is díol sásaimh don Chomhairle na tuarascálacha ón gCoimisiún maidir leis an dul chun cinn a rinneadh sa Bhulgáir agus sa Rómáin faoin sásra comhair agus fíorúcháin. Molann an Chomhairle an Coimisiún as a chuid oibre, as an modheolaíocht a leanadh, agus aontaíonn sí go hiomlán leis an anailís chothrom oibiachtúil ar an dul chun cinn atá déanta.

2. Athdhearbhaíonn an Chomhairle go gcloíonn sí le luachanna agus le prionsabail an Aontais, lena n-áirítear an smacht reachta agus neamhspleáchas na mbreithiúna. Sa chomhthéacs sin, meabhraítear don Chomhairle a riachtanaí atá sé go mbeadh an dul chun cinn a rinneadh ar an sásra do-aisiompaithe le go ndéanfaidh an Bhulgáir agus an Rómáin a dtagarmharcanna faoi seach a chomhlíonadh agus na cuspóirí deiridh a bhaint amach. D'áiritheofaí leis sin go bhfeidhmeoidh beartais an Aontais agus na nInstitiúidí mar is cuí ionas gur féidir le gach saoránach tairbhe iomlán a bhaint as na deiseanna a thugann ballraíocht den Aontas léi. Is ríthábhachtach i gcónaí cuntais téagartha teiste, cur chun feidhme éifeachtach agus tacaíocht pholaitiúil leathan, leanúnach agus neamhbhalbh do na hathchóirithe.

3. Is díol sásaimh don Chomhairle na céimeanna suntasacha dearfacha a ghlac an Bhulgáir sa tréimhse tuairiscithe agus an tiomantas láidir a léirigh an rialtas i ndáil leis an gcóras athchóirithe a shaothrú d'fhonn na tagarmharcanna uile faoin sásra a chomhlíonadh. Agus aird á tabhairt ag an gComhairle ar an measúnú ón gCoimisiún gur féidir a mheas anois go bhfuil deireadh curtha le trí cinn de na sé thagarmharc ar bhonn sealadach, agus í ag súil, má leantar leis na treochta dearfaí seo, go gcuirfear an sásra i gcrích, agus spreagann sí an Bhulgáir chun tógáil ar an móiminteam dearfach sin agus cur lena cuid iarrachtaí ar athchóiriú, rud a chomhdhlúthóidh an dul chun cinn ar bhonn dochloíte do-aisiompaithe.

4. Is díol sásaimh don Chomhairle an tuarascáil dhearfach maidir le gníomhaíochtaí na hArdchomhairle Breithiúnaí, agus tugann sí dá haire a thábhachtaí atá sé go leanfar de chuntas teiste de chinnteoireacht neamhchlaonta phroifisiúnta a leagan síos, go háirithe maidir le poist ardleibhéil bhreithiúnacha. Tá na leasuithe ar na dlíthe coiriúla atá i bhfeidhm faoi láthair tar éis feabhas a chur ar an gcreat dlíthiúil, i gcomhréir le príomh-mholtaí an Choimisiúin. Tugann an Chomhairle dá haire a thábhachtaí a bheidh sé breithniú cúramach a dhéanamh agus dul i gcomhairle leis na páirtithe leasmhara agus leasuithe breise á bplé, go háirithe iadsan a bhféadfadh iarmhairtí a bheith ag gabháil leo i ndáil leis an gcóras foriomlán imscrúduithe coiriúla agus i ndáil leis an gcothromaíocht idir na príomhinstitiúidí. Ní mór sláine agus neamhspleáchas na giúistísí a ráthú, lena n-áirítear trí mheáin éifeachtacha le haghaidh sásaimh sna réimsí uile is iomchuí. Ba cheart aghaidh a thabhairt i gcónaí ar na míchothromaíochtaí san ualach oibre atá idir na cúirteanna.

Meabhraítear don Chomhairle go bhfuil sé ríthábhachtach leanúint leis an athchóiriú ar na breithiúna chun an ghairmiúlacht, an chuntasacht agus an éifeachtúlacht a threisiú tuilleadh, i gcomhréir le moltaí an Choimisiúin.

5. Is díol sásaimh don Chomhairle gur glacadh le hathchóiriú cuimsitheach reachtaíocht fhrith-éillithe na Bulgáire, lena n-áirítear bunú gníomhaireacht aontaithe nua frith-éillithe, atá faoi lán seoil anois. Beidh sé tábhachtach don ghníomhaireacht a bheith in ann a neamhspleáchas agus neamhchlaontacht a thaispeáint, agus go ndéanfaidh sí an réimse leathan freagrachtaí a bheidh uirthi a bhainistiú go héifeachtach. Príomhthosaíocht go fóill is ea cuntas téagartha teiste a chomhdhlúthú sa chomhrac i gcoinne an éillithe, go háirithe ar an ardleibhéal.

Maidir leis an gcomhrac i gcoinne na coireachta eagraithe, tá dul chun cinn suntasach déanta ag an mBulgáir agus gríosaíonn an Chomhairle í an cuntas teiste sa réimse seo a chomhdhlúthú tuilleadh, lena n-áirítear urghabháil agus coigistiú sócmhainní aindleathacha.

6. Ag meabhrú di an a fheabhas a rinne an Rómáin faoin sásra sna blianta roimhe sin, leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá sé an dul chun cinn atá bainte amach cheana féin a chosaint agus a chomhdhlúthú tuilleadh. Tugann an Chomhairle dá haire go dtarraingítear anuas sa tuarascáil ón gCoimisiún roinnt mhaith cúiseanna imní tromchúiseacha agus céimeanna diúltacha a tharraingíonn amhras ar dho-aisiompaitheacht agus inbhuanaitheacht na leasuithe. Leis an mbealach a réiteach chun go dtabharfar sásra na Rómáine chun críche go luath, caithfear aghaidh a thabhairt ar na céimeanna diúltacha agus ar na hábhair imní sin go hiomlán agus go deimhneach, lena n-áirítear go gcloífí leis na moltaí ó Chomhairle na hEorpa/Coimisiún na Veinéise agus GSE, agus trí gach aon cheann de na moltaí arna leagan amach ag an gCoimisiún a chomhlíonadh.

7. Ní mór don Rómáin an móiminteam dearfach i dtaca leis na leasuithe a thabhairt ar ais, go háirithe i dtaobh na bpríomh-mholtaí breise arna leagan amach ag an gCoimisiún a bhaineann le neamhspleáchas na mbreithiúna agus an t-athchóiriú breithiúnach, an t-éilliú a chomhrac ar gach leibhéal agus déileáil le saincheisteanna eile sláine a leagadh béim orthu sa tuarascáil. Sa chomhthéacs sin, athdhearbhaíonn an Chomhairle a thábhachtaí atá sé go mbeadh tiomantas polaitiúil ann atá neamhbhalbh, marthanach agus a bhfuil bonn leathan faoi chun na cuspóirí a leagtar amach sa sásra a bhaint amach lena n-áirítear go háirithe comhdhearcadh polaitiúil chun neamhspleáchas na mbreithiúna a urramú i gcomhréir leis na príomh-mholtaí arna leagan amach ag an gCoimisiún. Sa chomhthéacs sin, leagann an Chomhairle béim freisin ar a thábhachtaí atá an Stiúrthóireacht Náisiúnta Frith-Éillithe (DNA).

8. Leanann an Chomhairle de bheith ag súil go ndéanfaidh an Bhulgáir agus an Rómáin na príomh-mholtaí a sainíodh sna tuarascálacha ón gCoimisiún a chomhlíonadh ina n-iomlán, rud a d'fhágfadh go bhféadfaí deireadh a chur le tagarmharcanna aonair ar bhonn sealadach, ach amháin sa chás go dtitfeadh rud éigin amach sna tíortha lena mbaineann a chuirfeadh an dul chun in amhras nó a d'iompódh droim ar ais é. Ag meabhrú di go mbeidh luas an phróisis ag brath go hiomlán ar an dul chun cinn a dhéanfaidh an Bhulgáir agus an Rómáin, tugann an Chomhairle dá haire go bhféadfaí bailchríoch a chur ar an sásra ar an gcoinníoll go gcomhlíonfaí, ina n-iomlán, na tagarmharcanna uile ar bhealach do-aisiompaithe agus inbhuanaithe go luath. Sa chomhthéacs sin, cuireann an Chomhairle i bhfáth gur cheart go gcomhlíonfaí na príomh-mholtaí gaolmhara go léir ón gCoimisiún d'fhonn na tagarmharcanna a dhúnadh.

9. Athdhearbhaíonn an Chomhairle go bhfuil an sásra comhair agus fíorúcháin fíorthábhachtach don dul chun cinn i gcónaí. Is uirlis iomchuí é i gcónaí chun tacú leis an mBulgáir agus leis an Rómáin ina n-iarrachtaí athchóirithe faoi seach, chun go mbainfidh an dá ceann acu cuntas teiste de thorthaí nithiúla, marthanacha amach, mar atá riachtanach chun cuspóirí an tsásra a chomhlíonadh. Tá an Chomhairle sásta i gcónaí tacú le hiarrachtaí na Rómáine agus na Bulgáire ina leith sin trí chúnamh an Aontais agus trí chúnamh déthaobhach. Fanfaidh an sásra mar atá go dtí go ndéanfar na tagarmharcanna uile a chomhlíonadh ar bhonn sásúil faoi seach, trí phróiseas athchóirithe suntasach marthanach, agus súil ag an gComhairle leis sin ón gcreat seo. Go dtí an tráth sin, iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún leanúint den tuairisciú agus tá sí ag súil leis na chéad tuarascálacha eile maidir leis an mBulgáir agus an Rómáin, a bheidh ar fáil, meastar, sa dara leath de 2019. Is díol sásaimh don Chomhairle go bhfuil sé de rún ag an gCoimisiún leanúint de dhlúthfhaireachán a dhéanamh ar chúrsaí sa Bhulgáir agus sa Rómáin agus an Chomhairle a choinneáil ar an eolas go rialta.